



## Scoil Chualann

## Polasaí Clárú Páistí

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Scoil Chualann a chur in iúl gur leagadh síos an Polasaí seo de réir riachtanas an Acht Oideachais 1998. Glacann an leagan Gaeilge tosaíocht ar an leagan Béarla i gcás coimhlinte.

### Fealsúnacht na Scoile

Bunaíodh Scoil Chualann le freastal a dhéanamh ar theaghlaigh Gaelacha agus ar thuismitheoirí a bhí ag éileamh bunoidreachas lán-Ghaeilge dá bpáistí. Tugtar tús áite sa scoil dá bhrí sin do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge .

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile idir mhúinteoirí, pháistí agus thuismitheoirí/chaomhnóirí .
- Is Scoil Náisiúnta í an scoil le hethos Chaitliceach agus is é Ard Easpag Chaitliceach Bhaile Atha Cliath patrún na scoile.
- Cuirtear fáilte roimh pháistí nach Caitlicigh iad ach atá báúil leis an sainmheon Caitliceach atá sa scoil.
- Cothaítear meas tríd an scoil ar chreideamh, ar thraidisiún, ar chultúr agus ar theanga gach páiste.
- Feidhmíonn an scoil faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is mian leis an mBainistíocht atmaisféar sona spreagúil a chothú, ina ndéantar cúram d'fhorbairt iomlán an pháiste – forbairt intleachtúil, fhisiciúil, chultúrtha, mhórála, spioradálta, shóisialta agus mhothúcháin. Cuirtear bunoidreachas trí mheán na Gaeilge ar fáil do pháistí agus cuirtear ar a gcumas a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge. Cothaítear dúil sa Ghaeilge agus sa tsaíocht ghaelach i measc na bpáistí agus na dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí trí thimpeallacht iomlán gaelach a chothú. Nuair atá siad ag roghnú na scoile, glacann na tuismitheoirí/caomhnóirí orthu féin an tacaíocht atá riachtanach a thabhairt dá bpáistí, do na múinteoirí agus don Bhainistíocht. Tá tacaíocht agus rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí riachtanach chun nach gclisfead ar aidhmeanna bunúsacha na scoile.

**Is é an córas tumoideachais atá i bhfeidhm sa scoil. Tosaítear ar an mBéarla a theagasc nuair atá an páiste i Rang Naíonáin Mhóra (sa dara téarma).**

### Ranganna/Múinteoirí

Is scoil aon sraithe do bhuaicillí agus do chailíní í Scoil Chualann. Tá rang amháin againn de gach rang ó Naíonáin Bheaga go Rang 6. Cuimsíonn foireann na scoile, príomhoide riaracháin, múinteoirí ranga múinteoirí tacaíochta agus cúntóirí riachtanas speisialta.

Aithnítear cearta tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáistí a chlárú in a rogha scoile, ach tá Bord Bainistíochta Scoil Chualann freagrach freisin as cearta phobal na scoile fré chéile, agus go háirithe cearta na bpáistí atá cláraithe cheana féin sa scoil. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom ag cur leas na bpáistí go léir san áireamh. Fógróidh an Bord Bainistíochta an t-uasmhéid dalta a dhéanfar a chlárú don bhliain dár gcionn ag cruinniú na bliana sula dtosaíonn an páiste ar scoil.

### **Modh Cláraithe Naíonáin Bheaga ( don scoilbhliain 2019/20 ar aghaidh )**

#### **Is gá do na daltaí a bheith ceithre bliana d'aois ar an 31 Márta sa bhliainfhéilire ina dtosaíonn siad ag dul ar scoil.**

Bíonn foirmeacha léiriú suime ar fáil sa scoil an chéad choicíos i Mí Mheán Fómhair na bliana sula nglactar leo. Iarrtar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm léiriú suime, atá ar fáil sa scoil, a chomhlánú agus í a thabhairt ar ais chun na scoile. Iarratas láimhe atá i gceist anseo. Cuirtear ainm an dalta ar liosta léiriú suime na bliana cuí.

#### **Ní hionann foirm léiriú suime chomhlánaithe agus dearbhú go mbeidh áit ar fáil sa scoil.**

Tugtar admháil scríofa don tuismitheoir/chaomhnóir ag míniú dóibh go bhfuil ainm a bpáiste ar liosta léiriú suime na bliana cuí agus tugtar le fios go mbeidh an scoil i dteagbháil leo i Meán Fómhair na bliana sula dtosaíonn an páiste ar scoil.

### **Cruinniú/Cuinnithe Eolais (don scoilbhliain 2019/20 ar aghaidh)**

I Mí Mheán Fómhair na bliana sula dtosaíonn an páiste ar scoil, seoltar litir chuig gach tuismitheoir/caomhnóir go bhfuil ainm a bpáiste ar liosta na n-iarratasóirí agus iarrtar orthu teacht ag cruinniú eolais i Mí Dheireadh Fómhair má tá spéis fós acu áit a lorg dá bpáiste.

Mínítear an polasaí cláraithe ag an gcruinniú sin. Tabharfar na foirmeacha iarratais do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus iarrfar orthu iad a líonadh taobh istigh de deich lá oibre ó dháta faoi leith a thabharfar do na tuismitheoirí/caomhnóirí ag an gcruinniú.

. Glacfar le hiarratais poist. Cuirfidh an rúnaí scoile an dáta go ndéantar na hiarratais a sheachadadh , chun na scoile, iarratais poist san áireamh ar an bhfoirm iarratais . Tabharfar/cuirfear admháil scríofa don/chuig an tuismitheoir/chaomhnóir ina sonraítear an dáta a fuarthas an t-iarratas. Scríobhfaidh rúnaí na scoile ainm an pháiste i gcóipleabhar le clúdach cruu nuair a fhaigheann sí an t-iarratas. Titeann an dualgas ar an tuismitheoir/gcaomhnóir an t-admháil a chur ar fáil. má lorgaítear í .

### **Dáileadh áiteanna**

Déantar scagadh ar na foirmeacha iarratais.

Tugtar tús áite san ord seo do:

1. Páistí atá líofa sa Ghaeilge.
2. Páistí a bhfuil deartháir nó deirfiúr leo ag freastal ar an scoil
3. Páistí le múinteoirí buana sa scoil
4. Páistí ar mhian lena dtuismitheoirí go bhfaighidís a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

*Is é sin le rá go ndéantar iarracht glacadh le méid áirithe teaghlach nua gach bliain.*

### **Maidir le critéir 1 thuas:**

Is éard atá i gceist leis an gcritéir seo ná páistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga clainne acu agus atá líofa sa teanga. Ná cuir tic sa bhosca má úsáidtear an Ghaeilge go hócáideach nó cúpla focal/frása anois is arís le bhur dtoil.

Lorgófar fianaise ó na tuismitheoirí / caomhnóirí chun an chritéir seo a mheas agus chun a chinntiú go bhfuil nós imeachta follasach curtha i bhfeidhm ag an mBord. Glacfar le físeán nó nasc beo ar nós Skype nó beidh fáilte roimh na tuistí agus an páiste teacht chun na scoile chun labhairt leis an príomhoide agus duine amháin eile.

**Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh agus ní bheidh dul thar cinneadh an Bhoird .**

Tosófar ar na háiteanna sa scoil a thairiscint de réir na gcreitéir thuasluaite tar éis an deich lá atá luaite ag an gcuinniú.

Má tharlaíonn go mbíonn níos lú áiteanna ar fáil ná mar atá ainmneacha ar an liosta déanfar roghnú randamach. Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí a bheith i láthair ag an roghnú randamach seo. Cuirfear liosta feithimh le chéile nuair a dhéantar an roghnú randamach. Muna bhfuil an tuismitheoir in ann teacht is féidir leo duine a roghnú ina (h)áit. Déanfaidh fianáí neamhspleách maoirseacht ar an roghnú seo.

Chomh luath is a fhaigheann tuismitheoirí/caomhnóirí amach go bhfuil áit sa scoil dá bpáiste is gá dóibh a chur in iúl don scoil i scríbhinn roimh dháta (coicíós) ar leith go bhfuil sé i gceist acu glacadh/gan ghlacadh leis an áit sin.

**Cuirtear in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí nuair atá áit á tairiscint dóibh gur scoil Chaitliceach, lánGhaeilge í Scoil Chualann agus gur ar an tuiscint seo a ghlacann siad le háit dá bpáiste.**

Iarrfar orthu glacadh i scríbhinn le (a) rialacha agus sainmheoin na scoile agus (b) leis an gcód araíonachta agus iompair.

Nuair a bhíonn na háiteanna ar fad líonta, cuirfear é seo in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí nach bhfuair áit. Fágfar na hainmneacha seo ar liosta feithimh don chuid eile den scoilbhliain áirithe seo san ord tosaíochta inar roghnaíodh iad ag an roghnú randamach.

### **Páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais**

Cuirtear iarratas ar áit sa scoil do pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach.

### **Clárúchán i ranganna seachas Naíonáin Bheaga**

Má tá spás ann, glacfar le páistí isteach i ranganna eile.

1. Má tá an dalta ag aistriú ó Ghaelscoil eile nó scoil Gaeltachta.
2. Má tá Gaeilge líofa ag an bpáiste

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo páiste a chlárú in aon rang eile litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Is gá dóibh freisin tuairiscí scoile agus aon eolas cuí eile a chur ar fáil, agus cead scríofa a thabhairt don scoil é seo a lorg. Is gá cead scríofa a thabhairt don phríomhoide dul i dteagbháil leis an scoil ina raibh an páiste.

**Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh agus is leis an mBord amháin an cinneadh seo.**

### **Achomarc**

Is féidir achomarc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi mhír 29 den Acht Oideachais 1998 sa chás go bhfuil tuismitheoir/caomhnóir den tuairim nár cloídh le polasáí chlárúcháin na scoile.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasáí seo go tráthrialta.

Glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann ar an 3/10/2018

*Máire Uí Airmhighe*

Cathaoirleach

*Carmel Ní Ghairbhín*

Príomhoide



## Scoil Chualann

## Enrolment Policy

This enrolment policy has been compiled according to the regulations of the Education Act 1998. Where the Irish and English versions of this policy are at variance with one another, the Irish version is deemed to prevail.

### School Ethos

Scoil Chualann was founded to provide an all-Irish education for children and to meet the demand of parents for an all-Irish school in the Bray area.

Preference will be given to pupils who are being raised as Irish speakers.

- Irish is the language of communication between pupils, teachers and parents in the school.
- Scoil Chualann is an all-Irish national school with a Catholic ethos. The Catholic Archbishop of Dublin is the school patron.
- Non Catholic children who respect the school's Catholic ethos are welcome in Scoil Chualann.
- Every child's religion, traditions and culture are respected in Scoil Chualann.
- The School adheres to the guidelines and rules of the Department of Education and Skills.

The Board of Management of Scoil Chualann aims to create a happy atmosphere which fosters the child's intellectual, physical, cultural, moral, spiritual, social and emotional development.

Primary school education through the medium of Irish is provided for the children. They acquire and become fluent Irish speakers. A love of Irish and all things Irish is fostered among the children and parents. This is achieved by creating an all-Irish environment in the school.

Parents/guardians who send their children to Scoil Chualann do so on the understanding that they will support their children, the teachers, the Board of Management and the school ethos.

Parent's/guardian's active support is essential for the school to achieve its aims.

**Scoil Chualann uses the immersion model of education. All subjects are taught through the medium of Irish. English is taught from the second term onwards in Senior Infants**

### Scoil Chualann

Scoil Chualann is a vertical mixed school. There are eight classes from Junior Infants to Sixth class.

Scoil Chualann has a staff which includes an administrative principal, class teachers, support teachers and special education needs assistants.

The Board of Management recognises a parent's/guardian's right to enrol their child in a school of their choice. The Board of Management is also responsible for the rights of the school community and in particular the rights of those children already registered with the school. The welfare of all children must be taken into account therefore, as well as the principles of natural justice when decisions are being taken. It is the Board of Management's right therefore to decide the maximum number of pupils to be registered for the following year. This information will be given to parents at a meeting to be held in the school in the year prior to the child enrolling in the school.

### Junior Infants enrolment procedure (2019/20 school year onwards)

**Pupils must be four years old before 31 March in the calendar year in which they commence school.** Expression of interest forms are available in the school during the first two weeks in September in the calendar year before the child is due to start school. Parents are advised to fill in this form and to return it to the school. The child's name is placed on an expression of interest list for the appropriate year.

**The acceptance of an expression of interest form by the school does not guarantee a place for your child.**

An acknowledgement is then given to the parents/guardians informing them that their child's name has been placed on the expression of interest list for the appropriate year.

#### **Information Session/Sessions (for school year 2019/20)**

A letter is sent to all parents/guardians whose children are on the expression of interest list in September before their child is due to start school inviting them to attend an information session in October if they are still interested in a place for their child in Scoil Chualann. The school's enrolment policy will be explained at this session. The application form will then be given to the parents/guardians and they will be advised to return it to the school within ten working days of a given date to be announced at the meeting. Postal applications will be accepted. The date of delivery of all applications including postal applications will be noted on the application form by the school secretary. A carbon copy of a receipt will be given to the parents/guardians.

The school secretary will write the child's name in a hardbound copy book as she receives all applications. The onus is on parents to provide this receipt if so requested.

#### **Allocation of places**

At this stage the application forms will be processed. Places will be allocated according to the following criteria:

1. Children who are fluent Irish speakers.
  2. Children who have brothers or sisters attending the school
  3. Children of permanent teachers in the school
  4. Children whose parents wish them to receive their education through the medium of Irish.
- The Board of Management endeavours to accept new families each year.

#### **Criteria 1**

For this criteria (children who are fluent in Irish) we are referring to children whose home language is Irish and are therefore fluent in Irish. Please do not tick the box on the application form if you use Irish occasionally or a few words/phrases now and again.

For clarity and fairness the Board of Management will require evidence from parents/guardians of pupils using Irish in their daily lives. A video recording, or a live link eg. Skype are deemed acceptable or parents/guardians are welcome to bring the child to the school to meet with the principal and one other person.

**Any decision made under this criteria will be made by the Board of Management and their decision is binding.**

Places will be offered according to the aforementioned criteria once the ten aforementioned working days have elapsed.

If demand for places exceeds the number of places available a draw will be made using random selection. Parents/guardians will be invited to attend this draw. If a parent/guardian is unable to attend they may nominate someone to attend in their place. Places will be allocated and a waiting list drawn up on the basis of this random selection draw. This draw will be overseen by an independent witness.

Once an offer has been made parents/guardians will have to inform the school in writing within two weeks if they intend to accept the place offered to their child.

**Parents/guardians who accept a place for their child in Scoil Chualann do so on the understanding that Scoil Chualann is an all Irish Catholic school.**

They will be asked to accept in writing the rules and ethos of the school and also the Code of Behaviour and Discipline.

When all the available places have been filled, the parents/guardians of the children who have not received a place will be informed. Their names will remain on the waiting list (as compiled at the school draw) for the current school year.

### **Pupils with Disability or Special Educational Needs**

Applications may be made for pupils with disability or special educational needs on the standard form.

### **Registration in classes other than Junior Infants**

Children may be accepted in other classes if there is a space

- If the child is transferring from an Irish medium school
- If the child is a fluent Irish speaker

Parents must apply for a place in any other class in the school by writing to the Board of Management. The application must be accompanied by recent school reports and permission must be given in writing to the school principal to liaise with the child's previous teachers and school.

**The decision to accept a child in any other class other than Junior Infants is made by the Board of Management and their decision is binding.**

### **Appeal**

An appeal can be lodged under section 29 of the Education Act 1998 to the Department of Education and skills if parents are dissatisfied with the implementation of this policy.

This policy will be reviewed on a regular basis by the Board of Management.

Ratified by the Board of Management on the 3/10/2018

*Máire Uí Airmhighe*

Cathaoirleach

*Carmel Ní Ghairbhín*

Príomhoide